Cormac Ó HAODHA

Co Chorcaí

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ní fhéadfadh siad a bheith iomarcach, baineann siad go fóill le bunchearta an tsaoránaigh in Éirinn. An rud ATÁ iomarcach agus lena mbaineann ualach uafásach trom riaracháin agus dua is ea nuair a bhíonn ar an saoránach na nithe a bhaineann le cumarsáid mar a fhoráiltear in Acht 9 a lorg sa chomhthéacs seo....tar éis don eagras stáit neamhaird a dhéanamh de seo ar an gcéad lá go minic. Bíonn ar an saoránach é seo a mhíniú go minic ó bhonn don té lena mbíonn siad ag plé, easpa tuisceana agus freagra drochbhéasach/mímhúinte ó sheirbhíseach an stáit sa chomhthéacs seo go minic agus ceap magaidh á dhéanamh de chearta teanga an tsaoránaigh.... más í an Ghaeilge an teanga ina lorgaítear seirbhísí ón Stát.. Cur chuige mímhacánta drogallach go minic ag an eagras stáit (a bhformhór acu) trí fhreagracht a thabhairt ag leibhéal oifigigh atá i bhfad ró-íseal san eagraíocht, easpa gairmiúlachta agus macántachta ón Eagras Stát maidir le cur i bhfeidhm an ailt seo den Acht.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Ní fheadar an bhfuil aon ghá le roinnt mhaith de na foilseacháin seo in aon cheann de na teangacha oifigiúla ná aon teanga eile nach iad. Ní bhaineann an caiteachas agus fiú 'cur amú' airgead a luaitear go minic le ATO2003 agus alt 10 seo den Acht leis an gné a bhaineann le leagan Gaeilge a chur ar fáil den téacs atá 'réidh' le foilsiú i mBéarla. Is annamh a chloisimid aon chaint dáiríre ar an gcostas a bhaineann le Tuarascáil Bhliantúil a chur le chéile, an méid uaireanta chloig fóirne a caitear air, an fhorluí saothair agus ama ag plé le cuideachtaí dearthóireachta ar chostas an-ard... ag gach céim den phróiséas seo bítear ag cur ar an méar fhada an obair agus an costas dá réir a bhainfidh le leagan Gaeilge a sholáthar, mar ar ndóigh is annamh a bhíonn na scileanna teanga cuí seo ag an eagras stát ná go deimhin ag an gcuideachta príobháideach dearthóireachta... os ag trácht ar dearthóireacht.... níor tugadh treoir soiléir na docht do na heagrais stáit ach oiread maidir le leagan dá theangach sa bhfoilseachán céanna, taobh le taobh ná aon ní eile mar sin agus d'fhéadfaí cinnte leasú a dhéanamh ón dtaobh seo nó leanfar do bheith ag táirgeadh cóipeanna crua de thuarascálacha bhliantúla beart as EN agus beart as GA agus ní bhacann siad fiú an leagan GA atá seachtainí níos déanaí ná an leagan GA a chur ar an seilf ag an bhfáiltiú fiú. Cur chuige mímhacánta drogallach go minic ag an eagras stáit (a bhformhór acu) trí fhreagracht a thabhairt ag leibhéal oifigigh atá i bhfad ró-íseal san eagraíocht, easpa gairmiúlachta agus macántachta ón Eagras Stát maidir le cur i bhfeidhm an ailt seo den Acht.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)

Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Sa mhéid agus nár éalaíodar ón ghnéith seo ar fad le leithscéalta faoi stáiseanóireacht a bheith ordaithe acu go dtí 2018 i EN amháin etc.An mhíshásta arís leis an easpa soiléire agus easpa daingne sa reachtaíocht a fhágann cur chuige atá nach mór 'laissez faire' Maidir le fógairtí taifeadta, measaim gur éirigh leis an reachtaíocht rud éigin a thabhairt isteach anseo a shroicheann sciar mór de shaoránaigh (agus eile) na tíre, córais iompair Iarnród Éireann nó an é [Irish Rail atá i gceist agam], An Luas etc., ardaitheoirí etc. etc. Mholfainn níos mó soiléire arís maidir le tosaíocht a thabhairt don GA, treoir stíle comhsheasmhach agus comhleanúnach ar fud an stáit.... rud atá in easnamh go mór. Cur chuige mímhacánta drogallach go minic ag an eagras stáit (a bhformhór acu) trí fhreagracht a thabhairt ag leibhéal oifigigh atá i bhfad ró-íseal san eagraíocht, easpa gairmiúlachta agus macántachta ón Eagras Stát maidir le cur i bhfeidhm an ailt seo den Acht.

Scéimeanna Teanga faoin Acht

Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge

ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
NÍL. Níl se sásúil ar chor ar bith, ró scaipthe, ró lag, ró lead-'de réir a cheile a thógfar an caisleán'-ánach.... Go bhfoire Mac Dé orainn níor an mó scéim a tugadh isteach in aonchor? Níos lú ná céad??? Agus breis agus 600 eagraíocht stát ar chlár fódhla. D'éirigh leis an rialtas ag an am córas uafásach casta a thabhairt isteach ina raibh an iomad deiseanna ag comhlachtaí poiblí cur chuige sinisiúil a chur i bhfeidhm maidir leis an SCÉIM, creidim go raibh an RGPTG ag an am i bhfad ró-bhog agus ró-shaonta i ndáiríre má cheapadar i ndáiríre go bhféadfaí glacadh mar a ghlacadar le moltaí ar bhonn teimpléid mar ba léir a bhí ag scagadh tríd an maorlathas ar fad nuair a bhí Scéim teanga eile foilsithe a bhí an-chosúil leis na cinn a bhí ann cheana..... Scríofar tráchtas lá éigin ar an teip ollmhór agus d'fhéadfaí a rá an teip nach mór iomlán a bhí san ATO2003 san aidhm a bhí aige, na Scéimeanna Teanga san áireamh, agus an mearbhall a fhágann se ar an chuid sin den phobal ba luaithe a úsáideadh na seirbhísí sin ón stáit da mbeidi s i ndairíre faoi iad a chur ar fáil.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Táimid anois ag tús na bliana 2012 agus tá an Roinn EOG ag cur na ceiste sin ormsa mar shaoránach, nach iad an Roinn EOG agus a foireann le taithí agus saineolas atá ar fail go naisiúnta agus go hidirnáisiúnta ba cheart a bheith ag moladh córais níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.... go bhfóire Dia orainn

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Ar ndóigh iarraim ar an Roinn OEG liosta fírinneach a chur ar fáil do na seirbhísí seo a shamhlaíonn sí atá á soláthar ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht.... tóg na húdaráis áitiúla féin sna seacht contaetha ina bhfuil ceantair Ghaeltachta agus fiafraigh díobh siúd cad iad na seirbhísí atá á gcur ar fail acu do na Gaeltachtaí sin as Gaeilge, i gcás chontaetha na Gaillimhe, Dhún na nGall agus Chiarraí bheadh dóchas éigin agam go mbeidis in ann gearrliosta (dóchasach) éigin a chur le cheile ach óm thaithí fein leis an údarás áitiúil freagrach as seirbhísí a sholathar do Ghaeltacht Mhúscraí... cur i gcéill, cur i gcéill glan ata ann ag aon comhlacht poiblí a ra go bhfuil seirbhísí sásúla á soláthar acu don Ghaeltacht... go minic is ag tagairt do thuiscint a bhaineadar féin as ATO2003 nó don dualgas (nó a mhalairt) atá orthu ina SCÉIM agus ar ndóigh nach gá dóibh dul tharais agus iad ag seoladh bileoga i mBéarla amháin isteach sa Ghaeltacht mar shampla..... ma bhíonn se d'fhuinneamh, d'acmhainn agus de mhisneach ag

saoránach rudaí mar seo a thógaint suas le hOifig an Choimisinéir Teanga .... litir i ndiaidh litreach agus ar deireadh is beag an difríocht a bheidh i bport an OCT agus an chomhlacht poiblí ata ag diúltú seirbhíse do shaoránach ar an mbonn go bhfuil siad 'ag déanamh léamh grinn ar an reachtaíocht' agus ag cloí leis an SCÉIM a deir rud éigin ar nós .... nuair a thiocfaidh deireadh leis an stoc ata ann faoi láthair..... nó idir é seo agus 2018 nó cur i gcéill éigin mar é.... go dtí ar deireadh nach bhfuil á dhéanamh ar deireadh agat mar shaoránach ata ag scríobh litreacha gearáin a líonfaidh colún staitisticí i dTuarascail Bhliantúil an OCT

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Féach 4(b) thuas

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl siad iomarcach, a mhalairt glan. Ach féach go bhfuil an rialtas ag déanamh ionsaithe ar na cearta sin agus ag baint na cosa den rud á mholadh ná foilseofaí billí as Gaeilge san Oireachtas.....

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Níor imíodh go bun an liosta sin cé ar shlí nach bhfuil aon tábhacht le conas mar a chaitheann leath acu le seirbhís GA a sholáthar don phobal.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Níl cumhachtaí go leor ag an OCT agus go híorónach déistineach is iad na Scéimeanna teanga féin a chuireann ceangal na gcúig gcaol go minic ar an OCT.... leasú.... tá go maith seo moladh ar leasú: éiríodh an REOG (iar-RGPTG) as do bheith ag 'aontú' na scéimeanna leis na comhlachtaí poiblí [cé go bhfuilid ann a déarfadh gur éiríodar as le fada] agus tabhair an fhreagracht sin don OCT an dream ar a mbíonn an dualgas géilliúlacht leis na scéimeanna (dream mar is eol daoibh nach mbíonn ionchur acu i ndréachtadh na i ndaingniú scéimeanna sa chóras mar ata faoi láthair). Mar a sheasann sé faoi láthair, má thógann saoránach sa Ghaeltacht nó aon áit eile sa Stát ceist faoi comhlacht poiblí bheith ag teip ina ndualgais seirbhís sásúil as Gaeilge a chur ar fáil isdócha go scríobhfaidh siad go dtí an comhlacht poiblí sin ar dtús etcetera agus de réir a cheile ag brath ar a dtaithí cóip go dtí an OCT... litreacha anonn is anall agus an saoránach ag caitheamh a chuid ama pearsanta ag iarraidh bunchearta a bhaint amach dó/di fein agus ar deireadh thiar is ar an OCT a thiteann sé a chur in úil don saoránach - toisc laige, éagumas agus lochtanna na Scéime (agus go minic breac le bealaí éalaithe ó aon dualgaisí méadaitheacha dairíre ná dúshlánacha ar cheart a bheith ann) daingnithe ag an RGPTG etc leis an comhlacht poiblí i gceist - a chur in úil don saoránach go bhfuil an comhlacht poiblí úd ag sásamh na freagrachtaí atá orthu sa Scéim agus níl a thuilleadh le déanamh na le rá faoi..... sampla do mhaorlathas, páipéarachas agus ualach riaracháin agus fíorbheagán dul chun cinn ná feabhsú i gcáilíocht na seirbhísí sin don saoránach a bhí chomh holc sin nó fiú gan a bheith ann ar chór ar bith go raibh orthu an gearán a dhéanamh an chéad lá.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Socraigh an córas mar atá sé faoi láthair re. an Scéim.... tabhair don OCT an fhreagracht iad a daingniú (agus an fhoireann is ga chuige seo) agus ansan monatóireacht a dhéanamh ar an ngéilliúlacht seachas faoi láthair an OCT bheith ag déanamh faireacháin ar obair (Scéim) duine éigin eile. Tá an iomad geallsealbhóirí nó campaí sa scéal sula dtagann an saoránach san áireamh in aonchor fiú...

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Ba cheart tosaíocht a thabhairt doibh cinnte. Ba cheart leasú ó bhonn a dhéanamh ar mar a chaitheann an stát leis an nGaeltacht, faoi láthair ta an Stát ag déanamh níos mó díobhála don Ghaeilge mar theanga pobail

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Is beag spéis atá ag formhór seirbhíseach an stáit i gcearta teanga a gcomhshaoránach agus is lú fós aon phíonós, fiú i dtéarmaí deiseanna dul chun cinn ardú céime etc. a

thiocfaidh dá thoradh ... níl aon luach á thabhairt ag acmhainní daonna gur scil is ea cumas sa Ghaeilge agus iad ag earcú sa státseirbhís.... tá córas marcanna breise 0% / 3% / 6 % do scrúdú Gaeilge ata scdoite amach ó fhreagrachtaí nó fiú ón agallamh d'aon phost ar leith agus cumas an duine aonair sin a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge chomh maith le trí mheán na Gaeilge.. an constaic is mó faoin dtráth seo is baolach doicheall, easpa suime agus teoraicí comhcheilge i measc an phobail i dtaobh an fiú dúinn seirbhís comhchaighdeán a sholáthar as GA

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Ní maith liom in aonchor mar a cuireadh an cheist seo mar phointe scoir, ar ndóigh leiríonn an dara focal deireanach sa cheist agus sa cheistneoir fiú go bhfuil tosaíocht an-ard ag gearradh siar ar chaiteachas sa chur chuige agus san athbhreithniú seo.... moladh amháin a dhéanfainn ná iarradh ar na comhlachtaí poiblí a bhíonn ag gearrán (iad go leir isdócha) faoi an brú 'breise' airgid a chuireann freagrachtaí an ATO2003 orthu an t-eolas a thabhairt go macánta agus go fírinneach..... dualgas a chur orthu é seo a dhéanamh.... seachas ligint dóibh de shíor bheith ag cur soundbytes an-díobhálach amach sna meáin faoin maoin ar fad a chuireann siad AMÚ dar leo ar aistriúchain etc. etc.... cuntais iniúctha a sheoladh isteach mar chuid den nós imeachta a bhaineann le géilliúlacht le Scéim Teanga etc. agus sna cuntais sin a léiriú an meid a caitheadh gach uile rud san áireamh, tuarastal, pinsean, etc etc. na státseirbhíseach a bhí ag plé le doiciméad, comhairleoirí seachtracha, innealtóirí, dearthóirí, tae caifé etc., etc etc, ar nós Plean Straitéiseach, Tuarascail Bhliantúil etc.... ach go speisialta na cinn mhóra ar nós pleananna reachtúla ar nós Pleananna Forbartha Contae i gcás na nÚdarás Áitiúil.... ní dócha go raibh oiread agus ceann amhain acu a chomhlíon an dualgas san Acht 'mar atá' a deir gor gá comhuaineacht a bheith i bhfeidhm le foilsiú pleananna reachtúla ar nós Pleananna Forbartha Contae (CDPs), má bhí trian acu a chomhlíon an dualgas sin an CDP a fhoilsiú i GA agus i EN go comhuaineach, (agus cad a tharla dóibh siúd a rinne neamhaird don Acht? Cé mhéid acu a rinne an chomhairliúchan poiblí go dátheangach, cuid reachtúil do 'dhéanamh' an CDP? Ceann ar bith !! Cad deir sé sin faoi na forálacha sin de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ar ndóigh AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 etc. etc? Cad deir sé faoi forfheidhmiú reachtaíochta in Éirinn go ginearálta? Fágfad ansan é le ceisteanna seachas freagraí is baolach